

# Comórtas Uí Chonaire

## Comórtas do scríbhneoirí faoi bhun 25 bliain d'aois

Comórtas gearrscéalaíochta Gaeilge le hábhar a bheith feiliúnach do dhéagóirí idir 15 – 18 bliana d'aois.

Comóradh ar fhís litríochta bhaill Chonradh na Gaeilge a ghlac páirt in Éirí Amach na Cásca.

**Duaischiste:**
**An chéad duais, €1,000**
**An dara duais, €400**
**An tríú duais, €250**

**Á eagrú ag Coiste Chontae na Gaillimhe de Chonradh na Gaeilge faoi phátrúnacht chlann Uí Chonaire.**

# Rialacha:

Ní mór d'iomaitheoirí a bheith faoi bhun 25 bliain d'aois an 1 Eanáir 2016.

Glacfar le saothair idir 2,500 agus 3,000 focal.

Ní mór gur saothar úrnua, nach bhfuil foilsithe cheana ar aon slí i bhfoirm chrua ná i bhfoirm dhigiteach a bheadh i ngach saothar, chomh maith le bheith ina shaothar nár bhain duais amach in aon chomórtas eile.

Ní mór gach iontráil, foirm iontrála agus an táille iontrála, €10, a bheith ag Coiste Chontae na Gaillimhe roimh 5.00i.n. Dé hAoine, 18 Nollaig 2015.

Ní mór go mbeadh gach iontráil clóscríofa, agus i gcás iontrálacha a dhéanfar tríd an bpost, ní mór dhá chóip a sholáthar.

Ní sheolfar ar ais aon téacs iontrála agus moltar d'údair cóip dá gcuid féin a choinneáil.

Beidh sé de cheart ag Coiste Chontae na Gaillimhe de Chonradh na Gaeilge na duais-scéalta, agus aon iontráil eile is mian leo a fhoilsiú.

Níl dul thar bhreith an mholtóra agus ní ghlacfar le comhfhreagras i dtaobh na moltóireachta.

Is ionann iontráil a dhéanamh sa chomórtas agus glacadh leis na rialacha seo ina n-iomlán.

# Foirm Iontrála:

Ainm: ____________________

Seoladh: ____________________

____________________

Guthán: ____________________

Ríomhphost: ____________________

Dáta Breithe: ____________________

Teideal an Ghearrscéil: ____________________

Síniú an údair: ____________________

Seol an fhoirm, an gearrscéal agus an táille iontrála, €10, chuig:
Comórtas Uí Chonaire, Conradh na Gaeilge, 45 Sr. Doiminic, Gaillimh.
Nó chuig: oconaire@cnag.ie.
Is féidir an táille a íoc freisin ag www.cnag.ie/oconaire.

Conradh na Gaeilge

@arasnagael

Áras na nGael

www.arasnagael.ie